# PLEAN SEIRBHÍSE 2016 BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

| Clár | | 2015 Iarbhír | Plean Seirbhíse 2016 | Méadú/(Laghdú) | | Nóta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | % | |
| **Scoileanna agus Ceannoifig** | Pá | 52,738 | 56,000 | 3,262 | 6% | |
| | Neamhphá Eile | 3,541 | 4,000 | 459 | 13% | |
| | Caiteachas gaolmhar agus spriocdhírithe | 2,462 | 2,567 | 106 | 4% | |
| | **Fo-iomlán** | **58,741** | **62,568** | **3,827** | **7%** | **1** |
| **Breisoideachas agus Oiliúint (BO)** | | | | | | |
| | Ógtheagmháil | 4,394 | 4,354 | (40) | (1%) | |
| | Oiliúint Riachtanas Speisialta | 67 | 86 | 19 | 29% | |
| | Treorach agus Comhairleoireachta | 62 | 62 | (1) | (1%) | |
| | SDOG | 2,267 | 1,870 | (397) | (18%) | |
| | Litearthacht d'Aosaigh | 1,480 | 1,622 | 142 | 10% | |
| | Oideachas Pobail/SPIDAS | 537 | 621 | 84 | 16% | |
| | Filleadh ar an Oideachas | 1,756 | 1,692 | (64) | (4%) | |
| | PLC | 929 | 531 | (398) | (43%) | |
| | Measúnú Ceaptha go hÁitiúil | 191 | 185 | (6) | (3%) | |
| | Treoir um Oideachas Aosach | 279 | 397 | 118 | 42% | |
| | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 14 | 20 | 6 | 46% | |
| | íTionscnamh Creat Cáilíochta | 5 | 4. | (1) | (24%) | |
| | Fíordheimhniú Seachtrach FETAC | 16 | 20 | 4. | 24% | |
| | Athshocrú Dídeanaithe | 0 | 150 | 150 | #DIV/0! | |
| | Ionad Scileanna agus Oiliúna Réigiúnach | 20,657 | 18,028 | (2,629) | (13%) | |
| | **Fo-iomlán** | **32,654** | **29,640** | **(3,014)** | **(9%)** | **2** |
| **Seirbhísí um Obair Óige** | | **237** | **250** | **13** | **6%** | **3** |
| **Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn** | | **417** | **27** | **(390)** | **(94%)** | **4** |
| **Gníomhaireachtaí/ Tionscadail Féinmhaoinithe** | | **7,896** | **8,000** | **104** | **1%** | **5** |
| **Caipiteal** | | **7,406** | **16,530** | **9,124** | **123%** | **6** |
| **Iomlán** | | **107,351** | **117,015** | **9,664** | **9%** | |

## Nótaí

### 1) Scoileanna agus Ceannoifig:

Sáróidh riachtanais chaiteachais in 2016 riachtanais 2015. Meastar go méadóidh an rollú le 504/4% go 12,254 i mí Mheán Fómhair. Tá an rollú reatha 592/5% níos airde ná 2014/15. De réir mar a mhéadaíonn rollú méadaíonn líon na múinteoirí agus, dá bhrí sin, an bille pá.
Le hincrimintí pá bliantúla méadaítear caiteachas pá foriomlán.
Bíonn scoileanna a sháraíonn tairseacha rollaithe áirithe incháilithe le haghaidh foirne breise.m.sh., leas-phríomhoide, riarachán, airíochas agus glanadh. Má bhíonn mic léinn bhreise ann, caithfear freastal ar a riachtanais bhreise agus mar sin méadaítear costais riaracháin. Léiríonn sé seo é féin ar go leor bealaí lena n-áirítear leabhair, TF, ábhair, solas agus teas, turais, scrúduithe, glanadh, árachas, bruscar, forchostais agus go leor eile.

### 2) Breisoideachas agus Oiliúint (BO):

Tá figiúirí an Phlean Seirbhíse mar an gcéanna leo siúd a cuireadh faoi bhráid agus a cheadaigh SOLAS faoi phróiseas pleanála BO 2016.
Is iad seo a leanas na fachtóirí taobh thiar de na figiúirí:
'is é an seasamh foriomlán go bhfuiltear ag súil go mbeidh leibhéil ghníomhaíochta, ar a laghad, ag an leibhéal céanna le 2015 agus i bhformhór na gcásanna, níos airde,
'i roinnt cásanna léiríonn figiúirí 2015 infheistíochtaí suntasacha aonuaire in áiseanna,
'd'ainneoin an seasamh ginearálta thuas, léiríonn ceannteidil Ógtheagmháil, Filleadh ar an Oideachas agus PLC caiteachas réamh-mheasta níos ísle ná 2015,
'táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar chaiteachas i Litearthacht d'Aosaigh, Oideachas Pobail agus Treoir um Oideachas Aosach, rud a léireoidh oscailt d'ionad i mBaile Átha Fhirdhia,
'líon méadaithe mac léinn Litearthachta d'Aosaigh a ghnóthaíonn deimhniú foirmiúil agus soláthar méadaithe dian-teagaisc litearthachta, soláthar leathnaithe den
'chlár um Scileanna don Obair.
'D'aithin SOLAS soláthar athlonnaithe dídeanaithe go sonrach mar réimse tosaíochta,
'léiríonn an plean chun caiteachas ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a mhéadú an tábhacht a bhaineann le hoiliúint foirne
'Tabhair faoi deara gur áiríodh sna figiúirí in 2015 do chaiteachas an Lárionaid Scileanna agus Oiliúna Réigiúnaigh soláthar sa Chabhán agus i Muineachán suas go dtí 25 Meán Fómhair.
'Toisc nach n-áirítear in 2016 na gníomhaíochtaí seo beidh an caiteachas foriomlán níos ísle.
Laistigh den oiliúint thug SOLAS le fios gur gá maoiniú a sholáthar chun tacú le cláir bhreise printíseachta agus chun cláir nua printíseachta a fhorbairt
'mar thosaíocht.

### 3) Seirbhísí um Obair Óige:

Déantar foráil sa Phlean Seirbhíse do leathnú ar sheirbhísí agus ar dheontais clubanna óige chun an méadú leanúnach ar dhaonra a léiriú.

### 4) Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Aistríodh an fhreagracht as iarratais nua ar dheontais mac léinn a phróiseáil chuig Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) in 2012.
Tá BOOanna agus comhairlí ag déanamh íocaíochtaí le mic léinn atá sa chóras cheana faoin am sin. De réir mar a chríochnaíonn na mic léinn seo a gcuid staidéir laghdaíonn an méid iomlán a íoctar gach bliain. Mar sin beidh an maoiniú a theastaíonn in 2016 níos ísle ná 2015.

### 5) Gníomhaireachtaí/ Tionscadail Féinmhaoinithe

Cuimsíonn an ceannteideal seo gníomhaíochtaí arna maoiniú seachas ón Roinn Oideachais nó ó SOLAS. Ciallaíonn gnéithe suntasacha cuntais bhainc scoile, éilimh árachais, béilí scoile, tionscadail AE/Leargas, giniúint ceoil. Meastar go dtiocfaidh méadú ar chaiteachas ag teacht le rollú scoile agus gníomhaíocht níoa airde.

### 6) Caipiteal:

Déantar foráil sa phlean do chaiteachas de €16.43 milliún i scoileanna. Is iad na príomh-mhíreanna: scoil nua i Maigh Dearmhaí €4m, síneadh i Ráth Tó €3.6m, Scoil Phobail Bhaile Átha Fhirdhia €1m (ní scoil BOOLM í seo ach tá BOOLM ag bainistiú an tionscadail thar ceann na Roinne), síntí i Dún Léire €1.5m, Dún Búinne €0.5m, Beaufort €1.5m, An Obair €0.7m agus An Seanchaisleán€1.4m.
Chuir BOOLM iarratas isteach ar mhaoiniú caipitil de €16 milliún le haghaidh breisoideachais agus oiliúna. Rinneadh é seo chun foirgneamh buan a sholáthar do Choláiste Breisoideachais Dhún Búinne, oibreacha a bhfuil géarghá leo a dhéanamh i RSTC agus infheistíocht a dhéanamh i bhfoirgnimh agus i dtrealamh.
Níor cheadaigh SOLAS ach maoiniú caipitil de €100,000. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon rogha eile ag BOOLM ach iarracht a dhéanamh costas maidir le haghaidh a thabhairt ar dheisiúcháin agus athchóirithe práinneacha a íoc, chomh maith le háiseanna BO a fheabhsú agus trealamh FET a chothabháil as a leithdháileadh ó lá go lá.